## 23. Scannal na ndídeanaithe

***(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| F | Má tá an ráiteas fíor. |
| B | Má tá an ráiteas bréagach. |
| ? | Mura bhfuil an t-eolas le fáil. |

1. Feictear daoine gan dídean fud fad na tíre. ☐
2. Ní bhíonn ógánaigh ina ndídeanaithe. ☐
3. Ní fheictear na dídeanaithe má bhíonn doineann ann. ☐
4. Tá an fhadhb ag dul i ndonacht. ☐
5. B'fhéidir gur chaill cuid acu an fhostaíocht acu. ☐
6. Ní chuidíonn saol na sráide lena gcruachás. ☐
7. Tá laghdú tagtha ar líon an aosa óig a chónaíonn ar an tsráid. ☐
8. Tógfar ionad nua do na dídeanaithe an samhradh seo chugainn. ☐
9. Tá líon na bhfear óg atá ina ndídeanaithe ag dul i laghad. ☐
10. Tá Shelter ar lorg airgid ón phobal. ☐

**[10]**

## 24. Agallamh ar an raidió faoin bhochtanas

***(a) Éist leis an agallamh agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F Má tá an ráiteas fíor.

B Má tá an ráiteas bréagach.

? Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Ní imríonn bochtanas aon tionchar ar fhadhbanna sóisialta eile. ☐
2. Is as ceantair bhochta cuid mhór de na príosúnaithe. ☐
3. Cosnaíonn sé £30,000 cime a choinneáil faoi ghlas. ☐
4. Déanann an rialtas neamart sna seirbhísí sóisialta i mbarúil an chainteora. ☐
5. Níl baint ar bith idir an bhoichtineacht agus an easláinte. ☐
6. Bíonn na bochtáin breoite níos minice ná na daoine saibhre. ☐
7. Bíonn buntáistí oideachasúla ag daoine saibhre. ☐
8. Tugtar deontais mhóra do dhaoine bochta le dul ar an ollscoil. ☐
9. Níl sárú na bhfadhbanna le fáil de réir an oibrí shóisialta. ☐
10. Síleann an cainteoir gurbh fhearr daoine a chosaint ar na fadhbanna. ☐

**[10]**

## 25. Fadhbanna ag seandaoine

***(a) Éist leis an mhír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| F | Má tá an ráiteas fíor. |
| B | Má tá an ráiteas bréagach. |
| ? | Mura bhfuil an t-eolas le fáil. |

1. Gheobhaidh corradh le leathmhíle duine bás i rith an gheimhridh. ☐
2. Bíonn tromlach na ndaoine a fhaigheann bás an-óg. ☐
3. Tá na heagrais fóirithinte thar a bheith imníoch faoin scéal. ☐
4. Tá seandaoine an Deiscirt níos saibhre. ☐
5. Cuidíonn taisleach le sláinte an duine. ☐
6. Ní mór do sheanóirí cinneadh doiligh a dhéanamh maidir le cúrsaí airgid. ☐
7. Tá cuid mhaith seandaoine beo ón lámh go dtí an béal. ☐
8. Ní mó ná sásta a bhí an t-urlabhraí ó Age Concern. ☐
9. Faigheann pinsinéirí níos lú ná £70 sa tseachtain. ☐
10. Fuair na pinsinéirí ardú an-mhór ar na mallaibh. ☐

**[10]**

## 26. Coir in éadan seanmhná

***(a) Éist leis an mhír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F Má tá an ráiteas fíor.

B Má tá an ráiteas bréagach.

? Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tá an tseanbhean a ionsaíodh seachtó bliain d'aois. ☐
2. Tá cónaí uirthi i mBéal Feirste Thoir. ☐
3. Is baintreach í. ☐
4. Bhí éide póilíní ar na coirpigh. ☐
5. Faigheann sí seachtó punt sa tseachtain ar an phinsean. ☐
6. Thug na coirpigh airgead agus seodra leo. ☐
7. Níor leag na fir méar ar an tseanbhean. ☐
8. Chonaic an t-urlabhraí eachtra ba mheasa le déanaí. ☐
9. Níorbh éigean don tseanbhean dul chun na hotharlainne. ☐
10. Ba mhaith léi filleadh ar a teach féin. ☐

**[10]**

## 27. Dúil sa ghairdín

***(a) Éist leis an mhír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F Má tá an ráiteas fíor.

B Má tá an ráiteas bréagach.

? Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Is breá le Helen Hunt a gairdín. ☐
2. Cónaíonn sí i nDeisceart na hÉireann. ☐
3. Thairg tógálaí ceithre mhilliún punt di. ☐
4. Níor chónaigh sí áit ar bith eile ina saol. ☐
5. Tá ceithre scór bliain slánaithe aici. ☐
6. Tá sé ar intinn ag conraitheoir forbairt a dhéanamh. ☐
7. Ní raibh Helen sásta éisteacht a thuilleadh leis an chonraitheoir. ☐
8. Cuireann na tairiscintí as di. ☐
9. Níl muintir na háite ar aon intinn le Helen maidir leis an fhorbairt seo. ☐
10. Ba mhaith le fear céile Helen aistriú tí. ☐

**[10]**